

## An Chopail



### Achoimre Dheich bPointe (Feicinn sé fada...ach níl sé!)

1. Úsáidtear an Chopail mar nasc idir focail in abairtí.
2. Úsáidtear na focail seo don Chopail san Aimsir Láithreach.

An cheist (?)	an/nach
Freagra dearfach(√)	is
Freagra diúltach (x)	ní
Freagra dearfach(√)	gur/gurb
Freagra diúltach (x)	nach

3. Úsáidtear an Chopail chun abairtí aicme a chruthú, nuair atá duine nó rud ceangailte le haicme nó grúpa. Téann an abairt san ord seo:

	An Chopail	An Fhaisnéis	An tAinmní
Dearfach(√)	Is	múinteoir	Laoise.
Diúltach (x)	Ní	polaiteoir	é.
An cheist (?)	An	Garda	í?
An cheist (?)	Nach	peileadóir	Caoimhín?

4. Níl gá leis, ach tá cead forainm pearsanta a chuir roimh an ainmní.
5. Nuair a chuirtear briathar cosúil le 'Deir' nó 'Dúirt' ag tús an abairt, úsáidtear an fhoirm indéireach den chopail: 'gur, gurb nó nach'. Téann an abairt san ord seo:

	An Briathar	An Chopail	An Fhaisnéis	An tAinmní
Dearfach(√)	Deir sí	gur	múinteoir	Laoise.
Diúltach (x)	Deir sé	nach	peileadóir	Caoimhín.

6. Úsáidtear 'Gurb' san aimsir láithreach:
  - roimh aidiachtaí a thosaíonn ar ghuta
  - roimh dhobhriathar a thosaíonn ar ghuta
7. Úsáidtear 'Gur' san aimsir láithreach:
  - roimh ainmfhocail a thosaíonn ar ghuta
  - roimh réamhfhocail a thosaíonn ar ghuta
  - roimh fhorainmneacha réamhfhoclacha a thosaíonn ar ghuta

7. Úsáidtear An Chopail chun ionannas a léiriú. Téann an abairt san ord seo:



	An Chopail	An Forainm	An tAinmní	An Fhaisnéis
Dearfach(✓)	Is	í	Laoise	an múinteoir bunscoile.
Diúltach (x)	Ní	hí	Máire	an Garda áitiúla.
An cheist (?)	Nach	é	Caoimhín	an príomhoide.
An cheist (?)	An	é	Liam	léachtóir ollscoile.

8. Úsáidtear an fhoirm indíreach arís anseo má chuirtear briathar cosúil le 'Deir' nó 'Dúirt' ag tús an abairt.